An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Nóta Faisnéise d'Iarrthóirí i dToghchán Uachtaráin

Nuashonraithe: 19 Meán Fómhair 2025
Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
gov.ie/housing

CLÁR ÁBHAIR

1. Cé na daoine ar féidir leo seasamh mar iarrthóir? 1

2. Cé na daoine ar féidir leo iarrthóir a ainmniú? 1

3. Páipéir Ainmniúcháin 1

4. Grianghraf an Iarrthóra 2

5. Seachadadh na bpáipéar ainmniúchán chuig an gCeann Comhairimh Uachtaránachta 3

6. Rialú ar ainmniúcháin 3

Cathain agus cá háit 3

Ag freastal ar an rialú 3

Tuairisc ar Iarrthóir 4

Ceisteanna inbhreithnithe ag an rialú 4

Agóidí agus achomharc 4

Iarrthóireacht a tharraingt siar 5

7. Gníomhairí a cheapadh ag an iarrthóir 5

8. Speansais Toghcháin 6

9. Fógraíocht Pholaitiúil 6

10. Postas Saor in Aisce 7

11. Póstaeir 8

12. An Vótaíocht 8

13. Comhaireamh na vótaí 8

Aguisín 1 Alt 12.4 den Bhunreacht 10

Aguisín 2 Foirm um Cheapachán Ionadaí Údaraithe 11

Aguisín 3 Forálacha Reachtacha i ndáil le Gníomhairí 13

An tAcht Toghcháin, 1997 – Gníomhairí 13

Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993 – Gníomhairí 17

Soláthraítear an nóta seo ar mhaithe le faisnéis na n-iarrthóirí. Do ráiteas mínitheach ar an dlí maidir le pointe ar bith, ba chóir tagairt a dhéanamh do na forálacha reachtúla ábhartha.

1. Cé na daoine ar féidir leo seasamh mar iarrthóir?

Is féidir le duine ar bith atá ina **shaoránach Éireannach** agus a bhfuil **35 bliain d'aois** slánaithe aige i dteideal a bheith tofa chuig oifig an Uachtaráin.

2. Cé na daoine ar féidir leo iarrthóir a ainmniú?

Ní mór iarrthóir a bheith ainmnithe ag **20 comhalta den Oireachtas** ar a laghad nó **4 chomhairle contae, cathrach nó cathrach agus contae** ar a laghad. Féadfaidh iarUachtarán nó Uachtarán atá ag dul ar scor é féin nó í féin a ainmniú mar iarrthóir. Ní cead d'aon duine ná d'aon chomhairle bheith páirteach in ainmniú breis is aon iarrthóir amháin d'oifig an Uachtaráin sa toghchán céanna.

Tá an dlí a bhaineann le toghadh an Uachtaráin le fáil in Airteagal 12.4 de Bhunreacht na hÉireann (cóip in Aguisín 1) agus in Acht Toghchán an Uachtaráin 1993. [1]

3. Páipéir Ainmniúcháin

Ní mór ainmniúcháin a bheith ar pháipéar ainmniúcháin forordaithe i Rialacháin um Thoghchán Uachtaráin (Foirmeacha) 2011 – I.R. Uimh. 258 de 2011, arna leasú ag I.R. Uimh. 329 de 2018. A luaithe agus a dhéanfaidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tOrdú um Thoghchán Uachtaráin[2] ceapfaidh sé Ceann Comhairimh Uachtaránachta. Féadfar páipéir ainmniúcháin lena húsáid ag comhaltaí an Oireachtais a fháil ón gCeann Comhairimh Uachtaránachta, ó Chléireach na Dála nó ó Chléireach an tSeanaid. Féadfar páipéir ainmniúcháin lena húsáid ag comhairlí contae, cathrach nó cathrach agus contae nó iarUachtarán nó Uachtarán atá ag dul ar scor a fháil ón gCeann Comhairimh Uachtaránachta. Freisin, féadfar páipéir ainmniúcháin a íoslódáil ag http://www.presidentialelection.ie

[1] Ar bhonn níos ginearálta, tá an dlí a bhaineann le toghadh an Uachtaráin le fáil i mBunreacht na hÉireann, in Acht Toghchán an Uachtaráin 1993 (arna leasú) agus in Acht Toghcháin 1997 (arna leasú).

[2] Leagann an tOrdú um Thoghchán Uachtaráin amach (1) an dáta a reáchtálfar an vótaíocht sa toghchán; (2) na huaireanta a reáchtálfar an vótaíocht; (3) an lá deireanach a nglacfar le hainmniúcháin; (4) seoladh an Chinn Comhairimh Uachtaránachta; agus (5)an suíomh ina suífidh sé chun rialú maidir le hainmniúcháin.

I gcás ainmniúcháin ó chomhaltaí an Oireachtais, ba cheart **páipéar ainmniúcháin amháin** a úsáid. Ba cheart do gach duine a bhfuil sé ar intinn acu ainmniúchán a dhéanamh an páipéar a shíniú.

I gcás comhairlí contae, cathrach nó cathrach agus contae, ba cheart **do gach comhairle páipéar ainmniúcháin ar leith a úsáid**. Ní mór don údarás áitiúil fógra trí lá glan a thabhairt do gach comhalta den chomhairle i dtaobh iarrthóir a ainmniú. Ní féidir rún ó chomhairle iarrthóir a ainmniú a chealú.

Ní mór do gach páipéar ainmniúcháin ainm iomlán, seoladh agus slí beatha (más ann) an iarrthóra a thaispeáint agus ní mór dearbhú a bheith san áireamh go bhfuil an duine a bhfuil sé ar intinn acu a bheith ainmnithe i dteideal a bheith tofa chuig Oifig an Uachtaráin agus gur thoiligh siad don ainmniúchán beartaithe.

4. Grianghraf an Iarrthóra

Más mian le hiarrthóir a ghrianghraf nó a grianghraf a chur san áireamh ar an bpáipéar ballóide, ní mór dóibh na nithe seo a leanas a chur ar fáil leis an bpáipéar ainmniúcháin:

- grianghraf i bhformáid dhigiteach agus dhá chóip chomhionanna priontáilte den ghrianghraf (méid an phas – 35mm x 45mm) le hainm an iarrthóra go soiléir ar an gcúl,

- ba cheart don ghrianghraf a bheith ar chaighdeán maith agus daite, lena dtaispeánfar aghaidh, ceann agus guaillí iomlán an iarrthóra amháin, ar chúlra éadrom (dath ar bith) agus a thógfar ar chaighdeán gairmiúil, agus

- ba cheart don ghrianghraf a bheith tógtha laistigh den 12 mí roimh dháta na vótaíochta sa toghchán.

Leagtar amach na ceanglais seo in I.R. Uimh. 329 de 2018 agus mura gcloítear leo, ní cheadóidh an Ceann Comhairimh Uachtaránachta an grianghraf ar an bpáipéar ballóide. Mura sholáthraítear grianghraf, fágfar folamh an spás do ghrianghraf an iarrthóra ar an bpáipéar ballóide.

Ní mór grianghraif a sheoladh trí ríomhphost chuig an gCeann Comhairimh Uachtaránachta ag: presidentialro@housing.gov.ie ar an lá a sheachadfar na páipéir ainmniúcháin chuige.

5. Seachadadh na bpáipéar ainmniúchán chuig an gCeann Comhairimh Uachtaránachta

Ní mór na páipéir ainmniúcháin a bheith faighte ag an gCeann Comhairimh Uachtaránachta ní luaithe ná 10 a.m. ar an dara lá (gan an Domhnach, saoire phoiblí nó Aoine an Chéasta a áireamh) i ndiaidh dáta an Ordaithe um Thoghchán Uachtaráin agus faoin 12 meán lae an lá deiridh ar féidir glacadh le hainmniúcháin. Leagtar amach an lá deireanach a nglacfar le hainmniúcháin san Ordú um Thoghchán Uachtaráin.

Ní mór na páipéir ainmniúcháin chomhlánaithe **a sheachadadh** chuig an gCeann Comhairimh Uachtaránachta (Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1) **ag an duine féin nó ag duine amháin nó níos mó a bhfuil an t-ainmniúchán á dhéanamh acu NÓ ag an iarrthóir ainmnithe. Ní cheart iad a chur sa phost.** Ba cheart coinne do sheachadadh a dhéanamh trí ghlao a chur ar oifig an Chinn Comhairimh Uachtaránachta (01 – 888 2235).

Nuair a fhaightear an páipéar ainmniúcháin, seolfaidh an Ceann Comhairimh Uachtaránachta admháil tríd an bpost nó ar shlí eile chuig an duine ainmnithe ar an bpáipéar ainmniúcháin le bheith ina iarrthóir sa toghchán. Cuirfidh sé fógra poiblí ar shuíomh gréasáin an Chinn Comhairimh Uachtaránachta ach an páipéar ainmniúcháin a fháil.

6. Rialú ar ainmniúcháin

Cathain agus cá háit

Ag 3 p.m. an lá deireanach a nglacfar le hainmniúcháin, rialóidh an Ceann Comhairimh Uachtaránachta ar bhailíocht na n-ainmniúchán a fhaightear. Reáchtálfar an rialú i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Freastalóidh Uachtarán na hArd-Chúirte (nó breitheamh eile den Ard-Chúirt a bheidh ainmnithe aige) ar rialú ar ainmniúcháin, mar mheasúnóir breithiúnach.

Ag freastal ar an rialú

Ní mór do gach iarrthóir **freastal** ar rialú ar ainmniúcháin go pearsanta nó ionadaí údaraithe a bheith i láthair ar a shon nó ar a son[3]. Ní mór d'iarrthóir, a bhfuil sé ar intinn acu ionadaí

[3] Ciallaíonn "ionadaí údaraithe" duine a bheidh údaraithe san fhoirm fhorordaithe (cóip in Aguisín 2) ag duine a

údaraithe a cheapadh, an foirm fhorordaithe a úsáid (cóip in Aguisín 2) ar féidir í a íoslódáil ag http://www.presidentialelection.ie. Féadfar ainmniúchán iarrthóra a rialú neamhbhailí mura bhfreastalaíonn sé nó sí ar rialú ar ainmniúcháin go pearsanta nó má theipeann ar ionadaí údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar a shon nó ar a son ann.

Tá an t-iarrthóir, an t-ionadaí údaraithe (más ann) agus ní níos mó ná beirt eile arna thabhairt ag ceachtar den iarrthóir nó den ionadaí údaraithe i dteideal freastal ar rialú ar ainmniúcháin.

Tuairisc ar Iarrthóir

Ní mór don Cheann Comhairimh Uachtaránachta cur i gcoinne na tuairisce ar iarrthóir atá, ina thuairim nó ina tuairim, mícheart, neamhleor chun an t-iarrthóir a aithint, nó rófhada. Féadfaidh sé go leasófar nó go mbainfear an tuairisc.

Ceisteanna inbhreithnithe ag an rialú

Sa rialú ar ainmniúcháin, beidh gach ceist a bhaineann le duine a ainmniú chun bheith ina iarrthóir (lena n-áirítear incháilitheacht an duine lena thoghadh) inbhreithnithe. Chun cinneadh a dhéanamh ar na ceisteanna sin, féadfaidh an ceann comhairimh toghcháin uachtaráin nó an measúnóir breithiúnach fianaise a ghlacadh, lena n-áirítear fianaise faoi mhionn, agus féadfaidh sé a cheangal ar an iarrthóir nó a ionadaí nó a hionadaí údaraithe eolas a thabhairt.

Agóidí agus achomharc

Más rud é ag an rialú ar ainmniúcháin go ndéanfaidh duine a airbheartaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán nó an t-ionadaí údaraithe de chuid an duine sin agóid, ar fhorais a luafar láithreach bonn, i gcoinne:

(a) an rialaithe ón gCeann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin ar bhailíocht aon ainmniúcháin, nó

(b) incháilitheachta aon duine lena thoghadh chun oifig an Uachtaráin is duine a dhearbhaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán

---

airbheartaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir i dtoghchán uachtaráin chun bheith ionadaíoch don duine ag an rialú ar ainmniúcháin sa toghchán.

agus go luafaidh sé go bhfuil ar intinn aige **achomharc a dhéanamh** chun na **hArd-Chúirte** i gcoinne an rialaithe nó an dearbhaithe, cuirfidh an Ceann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin an rialú ar ainmniúcháin ar atráth go dtí cibé tráth tar éis an t-achomharc a chinneadh go críochnaitheach nó a tharraingt siar a shocróidh an ceann comhairimh toghcháin uachtaráin nó, mura dtionscnófar achomharc den sórt sin laistigh den tréimhse 2 lá ó dháta an atráthaithe, go dtí deireadh na tréimhse sin.

Iarrthóireacht a tharraingt siar

Féadfaidh duine a iarrthóireacht nó a hiarrthóireacht **a tharraingt siar** tráth ar bith sula gcríochnófar an rialú ar ainmniúcháin ach ní ina dhiaidh sin. Cuireann an duine nó ionadaí údaraithe an duine a tharraingt nó a tarraingt siar in iúl trí fhógra i scríbhinn don Cheann Comhairimh Uachtaránachta maidir leis an tarraingt siar sin. Ní mór fógra den tarraingt siar a thabhairt sula gcuirtear rialú ar ainmniúcháin i gcrích agus ní mór dó a bheith sínithe ag an duine nó ag a ionadaí údaraithe thar a cheann nó a hionadaí údaraithe thar a ceann.

7. Gníomhairí a cheapadh ag an iarrthóir

Faoi alt 50 den Acht Toghcháin 1997, bíonn ar gach iarrthóir, ar an lá deireanach a nglacfar le hainmniúcháin nó roimhe, gníomhaire toghcháin (an Gníomhaire Toghcháin Uachtaránachta) a cheapadh agus ainm agus seoladh an ghníomhaire a chur in iúl don Cheann Comhairimh Uachtaránachta. Is féidir leis an iarrthóir é féin nó í féin a cheapadh mar Ghníomhaire Toghcháin Uachtaránachta. Bíonn freagrachtaí faoin Acht seo ag an ngníomhaire toghcháin uachtaránachta i ndáil le síntiúis agus caiteachas toghcháin.
Tá tuilleadh eolais ar na forálacha seo le fail ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (https://www.sipo.ie). Leagtar amach forálacha ginearálta i ndáil le ceapachán agus feidhmeanna gníomhairí, taobh amuigh d'fhorálacha i ndáil le síntiúis agus caiteachas toghcháin, in ailt 33 agus 34 den Acht Toghchán an Uachtaráin 1993. Tá cóip d'alt 50 den Acht Toghcháin 1997 agus ailt 33 agus 34 den Acht Toghchán an Uachtaráin 1993 ar fáil in Aguisín 3.

Féadfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra gníomhaire áitiúil amháin a cheapadh do gach toghcheantar na Dála agus chun gníomhú mar ionadaí sa toghcheantar do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra. Féadfaidh an t-iarrthóir, an gníomhaire toghcháin nó an gníomhaire áitiúil leasghníomhaire áitiúil amháin a cheapadh do gach ceantar vótaíochta i

dtoghcheantar chun cabhrú leis an iarrthóir sa cheantar vótaíochta agus chun gníomhú mar ionadaí do ghníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra. Tabharfaidh an duine a cheapfaidh gníomhaire áitiúil nó leasghníomhaire fógra i scríbhinn den cheapachán díreach i ndiaidh an cheapacháin don cheann comhairimh áitiúil.

8. Speansais Toghcháin

Forálann an tAcht Toghcháin 1997 arna leasú do theorannú caiteachais i dtoghchán na huachtaránachta go €750,000 in aghaidh an iarrthóra. Ní féidir ach leis an ngníomhaire toghcháin uachtaránachta nó le duine a bhíonn údaraithe ag an ngníomhaire toghcháin uachtaránachta costais toghcháin a thabhú. Tosóidh an tréimhse don teorainn chaiteachais nuair a chuireann an tAire an tOrdú um Thoghchán Uachtaráin i bhfeidhm. Ceadaíonn an tAcht Toghcháin 1997 arna leasú freisin gurb í €250,000 an uasmhéid gur féidir a aisíoc le hiarrthóir i dtoghchán uachtaránachta. Ní mór d'iarrthóir níos mó ná an ceathrú chuid de chuóta na vótaí a fháil le cáiliú d'aisghabháil caiteachais.

9. Fógraíocht Pholaitiúil

Ghlac na hinstitiúidí Eorpacha Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla an 13 Márta 2024. Is é is aidhm dó go mbeadh sé níos éasca ag lucht vótála fógraí polaitiúla a aithint, tuiscint a fháil ar cé atá ina mbun agus fios a bheith acu cibé an bhfuair siad fógra spriocdhírithe, ionas gur fearr is féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh le linn toghchán agus reifreann. Tiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm go hiomlán ar fud Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh an 10 Deireadh Fómhair 2025.

Ní cheanglófar ar aon fhógraíocht pholaitiúil a fhoilsítear, a sheoltar nó a scaiptear roimh an 10 Deireadh Fómhair 2025, ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh.

Tá an Roinn ag obair ar rialacháin intíre chun an Rialachán (AE) 2024/900 a chur i gcrích. De réir Cinneadh Rialtais ar 17 Meán Fómhair 2025, tá sé de rún go gceadóidh na rialacháin spás suas go dtí agus lena n-áirítear 31 Deireadh Fómhair 2025, roimh fheidhmiú na rialachán.

Cumhdaítear leis an Rialachán fógraíocht pholaitiúil a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair, ach áirítear leis freisin fógraíocht pholaitiúil a fhorbraítear trí ghníomhaíochtaí

inmheánacha, amhail fógraí polaitiúla a ullmhú laistigh de pháirtithe polaitiúla agus mar chuid d'fheachtais fógraíochta polaitiúla. Ní mór fógra polaitiúil a lipéadú go soiléir mar fhógra polaitiúil agus ní mór fógra trédhearcachta a bheith ag gabháil leis ina leagtar amach faisnéis shonraithe d'fhaighteoirí an fhógra.

Leagtar amach ceanglais shainráite maidir le lipéadú agus fógraí trédhearcachta i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1410 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2025 maidir le formáid, teimpléad agus sonraíochtaí teicniúla lipéad agus fógraí trédhearcachta fógrán polaitiúil i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 12 de Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Faoin Rialachán, leagtar amach freisin teorainneacha dochta maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí. Ní cheadaítear sonraí pearsanta a úsáid chun fógraíocht pholaitiúil a spriocdhíriú ar líne ach amháin más rud é gur bailíodh na sonraí ón ábhar sonraí, le toiliú sainráite agus ar leithligh ón ábhar sonraí lena n-úsáid le haghaidh fógraíocht pholaitiúil. Ina theannta sin, beidh cosc iomlán ar phróifíliú trí úsáid a bhaint as catagóirí speisialta sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 9(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Tá treoir á hullmhú ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair maidir le cur chun feidhme an Rialacháin. Tá sé beartaithe go ndíreofar sa treoir, ar fhógraíocht pholaitiúil a shainaithint, i measc nithe eile, chomh maith leis na hoibleagáidí trédhearcachta agus díchill chuí faoin Rialachán. Tá cóip den dréacht-treoir ar fáil anseo.

10. Postas Saor in Aisce

Tá iarrthóir i dteideal teachtaireacht amháin, saor in aisce, a sheoladh chuig gach teaghlach i ngach toghcheantar. Ní mór dul i gcomhairle le An Post maidir leis na socruithe sonracha. (Déan teagmháil le: Myles Burke, An Post (Bainisteoir Cuntais Straitéiseacha) 087-8508760 myles.burke@anpost.ie nó Gerry Davis, An Post (Bainisteoir Cuntais Straitéiseacha) 086-6062752 gerry.davis@anpost.ie)

11. Póstaeir

I gcomhréir le hAlt 19 den Acht um Thruailliú ó Bhruscair, 1997, arna leasú, is féidir póstaeir iarrthóirí a chur ar taispeáint 30 lá roimh an toghchán, nó ón dáta a shínítear an tOrdú um Thoghchán Uachtaráin, cibé tréimhse acu is giorra, agus ní mór iad a bheith bainte anuas laistigh de 7 lá tar éis an toghcháin.

12. An Vótaíocht

Leagann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta am agus dáta amach don vótaíocht san Ordú um Thoghchán Uachtaráin. Bíonn ar an Aire an tOrdú seo a dhéanamh faoi alt 6 den Acht Toghchán an Uachtaráin 1993.

Reáchtálfar an vótaíocht i dtoghchán na huachtaránachta sa tslí chéanna is a ndéantar i dtoghchán na Dála. Cuirtear i bhfeidhm na rialacha sonracha i dtaca leis seo, atá ar fáil san Acht Toghcháin 1992, i dtoghchán uachtaránachta agus fara aon mhodhnuithe is gá. Áirítear sna rialacha sin nósanna imeachta rialaithe ag stáisiúin vótaíochta, postvótáil, vótáil speisialta, vótáil ar oileáin agus daoine faoi mhíchumas a údarú chun vótáil ag stáisiún vótaíochta eile. Ní mór don Cheann Comhairimh Uachtaránachta fógra i dtaobh na vótaíochta a thabhairt agus é freagrach freisin as na páipéir bhallóide a chló san fhoirm a fhorordófar i Rialacháin um Thoghchán Uachtaráin (Foirmeacha) 2011 – I.R. Uimh. 258 de 2011 arna leasú ag I.R. Uimh. 329 de 2018.

13. Comhaireamh na vótaí

Reáchtálfar comhaireamh na vótaí i 43 toghcheantar de chuid na Dála atá sonraithe in Acht Toghcháin (arna leasú) 2023. Fionnfaidh agus fógróidh an Ceann Comhairimh Uachtaránachta toradh an toghcháin ar bhonn na dtuarascálacha a gcuireann na cinn chomhairimh áitiúla sna toghcheantair aonair ar fáil dó. Féadfaidh na hiarrthóirí a bheith i láthair nó ionadaíocht a bheith déanta ar a shon nó ar a son ag fionnadh na dtorthaí an Chinn Comhairimh Uachtaránachta.

Reáchtálfaidh an ceann comhairimh áitiúil i ngach toghcheantar an chéad chomhaireamh agus cuirfear na torthaí in iúl don Cheann Comhairimh Uachtaránachta a ríomhfaidh an cuóta. Má bhaineann iarrthóir amach an cuóta ar an gcéad chomhaireamh, fógrófar é nó í tofa; mura mbaineann, tabharfaidh an Ceann Comhairimh Uachtaránachta treoir an t-iarrthóir nó na hiarrthóirí leis an líon is lú vótaí a chur as an iomaíocht. Aistreoidh an ceann comhairimh áitiúil vótaí an iarrthóra nó na hiarrthóirí eisiata agus cuirfear in iúl na torthaí don

Cheann Comhairimh Uachtaránachta. Leanfar leis an bpróiseas iarrthóirí a chur as an iomaíocht agus a vótaí a aistriú go dtí go bhféadfar iarrthóir a fhógairt tofa. Tá na rialacha i ndáil le comhaireamh na vótaí mar a chéile leo siúd a bhaineann le fothoghchán na Dála. Ag deireadh gach comhaireamh, fógróidh an Ceann Comhairimh Uachtaránachta toradh an chomhairimh sin.

Féadfaidh iarrthóir nó gníomhaire an iarrthóra a bhíonn i láthair ag an gcomhaireamh ag leibhéal an toghcheantair, ag deireadh comhairimh, iarraidh a dhéanamh i ndáil le gach nó aon pháipéar a ndéileálfar leo ag an gcomhaireamh sin a athcheistiú agus a athchomhaireamh. Ní mór don cheann comhairimh áitiúil cloí leis an iarraidh seo. Ní féidir le hiarrthóir nó gníomhaire toghcháin iarrthóra ach iarraidh amháin a dhéanamh leis an gCeann Comhairimh Uachtaránachta le linn fionnadh torthaí an toghcháin go ndéanfaí na beartáin de pháipéir bhallóide go léir a athscrúdú agus a athchomhaireamh. Is féidir iarraidh den sórt sin a dhéanamh ag deireadh an chomhairimh amháin. I ndiaidh iarraidh den sórt sin, ní mór don Cheann Comhairimh Uachtaránachta gach ceann comhairimh áitiúil a threorú athscrúdú agus athchomhaireamh a reáchtáil, ach amháin má bhíonn sé den tuairim go bhfuil an iarraidh suaibhreosach nó cráiteach, agus an toradh a chur in iúl dó ar an tslí a ordóidh sé.

Aguisín 1 Alt 12.4 den Bhunreacht

4. 1° Gach saoránach ag a bhfuil cúig bliana tríochad slán, is intofa chun oifig an Uachtaráin é.

2° Gach iarrthóir d'oifig an Uachtaráin, seachas duine atá nó a bhí ina Uachtarán cheana, is uathu seo a leanas nach foláir a ainmniú a theacht:

i. fiche duine ar a laghad agus gach duine faoi leith díobh sin ina chomhalta, in alt na huaire, de Theach de Thithe an Oireachtais, nó

ii. Comhairlí ceithre Chontae riaracháin ar a laghad (agus Contae-Bhuirgí a áireamh) mar a mhínítear le dlí.

3° Ní cead d'aon duine ná d'aon Chomhairle díobh sin bheith páirteach in ainmniú breis is aon iarrthóir amháin d'oifig an Uachtaráin sa toghchán céanna.

4° Tig le haon duine atá nó a bhí ina Uachtarán é féin a ainmniú d'oifig an Uachtaráin.

5° Nuair nach n-ainmnítear d'oifig an Uachtaráin ach aon iarrthóir amháin, ní gá vótáil chun é a thoghadh.

Aguisín 2 Foirm um Cheapachán Ionadaí Údaraithe

Toghchán na hUachtaránachta _____ (líon an mhí agus an bhliain)

Údaraím[#] _____

_____

de _____

_____

_____

_____

([#]Cuir isteach anseo ainm iomlán, seoladh agus tuairisc an duine a bheartaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán.)

agus mé i mo dhuine a airbheartaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán thuasluaite[+]

_____

_____

de _____

_____

_____

_____

([+]Cuir isteach anseo ainm iomlán, seoladh agus tuairisc an duine atá údaraithe mar ionadaí.)

a bheith i láthair thar mo cheannsa ag rialú ar ainmniúcháin sa toghchán sin.

Arna shíniú ag: _____

Arna shíniú ag an duine thuasluaite i láthair**

_____

_____

_____

(***Ní mór don fhoirm a bheith sínithe i bhfianaise finné a bheidh air a ainm nó a hainm a shíniú, agus a sheoladh nó a seoladh agus a thuairisc nó a tuairisc a chur san áireamh.)*

Aguisín 3 Forálacha Reachtacha i ndáil le Gníomhairí

An tAcht Toghcháin, 1997 – Gníomhairí

Ceapachán gníomhaire toghcháin uachtaránachta.

50. (1) (a) Sula dtabhaíonn sé nó sí aon speansais toghcháin i dtoghchán uachtaránachta, ní mór do gach iarrthóir sa toghchán uachtaránachta gníomhaire a cheapadh (dá ngairtear "gníomhaire toghcháin uachtaránachta" sa Chuid seo) chun críocha an Achta seo ***agus chun cabhrú leis an iarrthóir go ginearálta i ndáil leis an toghchán**** agus cuirfear in iúl i scríbhinn, tráth nach déanaí ná an lá deireanach chun ainmniúcháin a ghlacadh le haghaidh toghcháin, ainm an ghníomhaire ainmnithe sin agus seoladh oifig an ghníomhaire don cheann comhairimh uachtaránachta.

**** Arna chur isteach le A.50(q) den Acht Toghcháin (Leasú) 2001.***

(b) Féadfaidh iarrthóir é féin nó í féin a cheapadh mar ghníomhaire toghcháin uachtaránachta agus ar é sin a dhéanamh nó ar é a mheas faoin alt seo go ndearna sé amhlaidh, beidh sé, a mhéid a cheadaíonn na himthosca, faoi réir fhorálacha na Coda seo araon mar iarrthóir agus mar ghníomhaire agus, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, déanfar aon tagairt sa Chuid seo do ghníomhaire toghcháin uachtaránachta a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt don iarrthóir ag gníomhú mar ghníomhaire toghcháin uachtaránachta.

(2) Más rud é, tráth dá dtagraítear i bhfo-alt (1) (a), nach mbeidh an t-iarrthóir i ndiaidh ainm an ghníomhaire toghcháin uachtaránachta a cheapfar ag an iarrthóir agus seoladh oifige an ghníomhaire a chur in iúl don cheann comhairimh uachtaránachta, measfar go bhfuil an t-iarrthóir i ndiaidh é féin

nó í féin a cheapadh mar ghníomhaire toghcháin uachtaránachta agus go bhfuil sé nó sí i ndiaidh tar éis ceapachán aon duine eile mar an ghníomhaire sin a chúlghairm.

(3) Féadfaidh iarrthóir, aon tráth, ceapachán gníomhaire toghcháin uachtaránachta a cheapfar nó a mheasfar a bheith ceaptha ag an iarrthóir faoin alt seo a chúlghairm.

(4) (a) Más rud é, sula mbeidh ráiteas síntiús agus ráiteas caiteachas toghcháin an toghcháin uachtaránachta tugtha don an Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de réir ailt 48 agus 56, faoi seach, go gcúlghairfear ceapachán gníomhaire uachtaránachta nó go bhfaighidh duine a ceapadh mar ghníomhaire náisiúnta den sórt sin bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig nó nach mbeidh sé nó sí, ar shlí eile, in ann gníomhú, déanfaidh an t-iarrthóir gníomhaire toghcháin uachtaránachta eile a cheapadh láithreach agus cuirfear in iúl ainm an duine a cheapfar agus seoladh oifige an duine don cheann comhairimh uachtaránachta.

(b) (i) I gcás go bhfaighidh iarrthóir i dtoghchán uachtaránachta a cheap é féin nó í féin mar ghníomhaire toghcháin bás sula mbeidh ráiteas caiteachas toghcháin tugtha aige nó aici de réir alt 56, féadfaidh ionadaí pearsanta an iarrthóra gníomhaire toghcháin eile a cheapadh i leith an iarrthóra.

(ii) Féadfaidh ionadaí pearsanta iarrthóra i dtoghchán uachtaránachta dá dtagraítear i bhfomhír (i) é féin nó í féin a cheapadh mar

ghníomhaire toghcháin i leith an iarrthóra sin.

(c) Beidh feidhm ag forálacha an ailt seo maidir leis an ngníomhaire toghcháin uachtaránachta a ceapadh faoin bhfo-alt seo.

(5) Déanfaidh an ceann comhairimh uachtaránachta a luaithe is féidir fógra i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus fógra poiblí a thabhairt le hainm agus seoladh gach gníomhaire toghcháin uachtaráin a cheapfar nó a mheasfar a bheith ceaptha faoin alt seo.

(6) Beidh ag gníomhaire toghcháin uachtaráin a cheapfar nó a mheasfar a bheith ceaptha faoin alt seo oifig nó áit sa Stát a bhféadfar éilimh, fógraí, eascairí, toghairmeacha agus doiciméid eile maidir leis an toghchán a chur chuici.

(7) Aon éileamh, fógra, eascaire, toghairm nó doiciméad a sheachadfar ag oifig nó áit gníomhaire toghcháin uachtaráin agus a bheidh dírithe chuig an ngníomhaire, measfar gur seirbheáladh an céanna ar an ngníomhaire agus beidh an gníomhaire toghcháin uachtaráin inagartha i leith aon ní i dtaca leis an toghchán uachtaránachta in aon chúirt ag a bhfuil dlínse inniúil san áit ina bhfuil oifig sin suite.

(8) (a) Aisghairtear leis seo fo-ailt (1) (a) agus (2) (a) d'alt 33 den Acht 1993 agus forléireofar gach tagairt do ghníomhaire toghcháin uachtaránachta san Acht sin mar thagairt do ghníomhaire toghcháin uachtaránachta a ceapfar faoin alt seo.

(b) Cuirtear an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (4) d'alt 33 den Acht 1993 —

"(4) Déanfaidh an duine a cheapfaidh gníomhaire faoin alt seo, láithreach tar éis an cheapacháin, fógra i scríbhinn faoin gceapachán agus ainm agus seoladh an ghníomhaire a thabhairt don cheann comhairimh áitiúil don toghlach lena mbaineann.".

(9) Beidh feidhm ag forálacha an ailt seo, a mhéid a bhaineann siad le toghcháin uachtaráin a reáchtáil roimh nó ar an gcéad lá d'Eanáir 1998, maidir leis an toghcháin sin amhail is i bhfo-alt (1)(a) dá ndéanfaí "Ar an lá deireanach a nglacfar le hainmniúcháin nó roimhe" a chur in ionad "Sula dtabhóidh siad aon chaiteachais toghcháin" agus go gcuirfí "sin" isteach i ndiaidh "tráth nach déanaí ná an".

Ceapachán na ngníomhairí.

33. (1) Nuair a bheidh vótaíocht le tógáil i dtoghchán—

(a) [Arna aisghairm - a.50 den Acht Toghcháin 1997]

(b) féadfaidh gach iarrthóir nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra gníomhaire áitiúil amháin do gach toghlach a cheapadh chun cabhrú leis an iarrthóir sa toghlach agus chun gníomhú mar ionadaí sa toghlach do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra, agus

(c) féadfaidh gach iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra leasghníomhaire áitiúil amháin a cheapadh i leith gach ceantair vótaíochta i dtoghlach chun cabhrú leis an iarrthóir sa cheantar vótaíochta agus chun gníomhú ansin mar ionadaí do ghníomhaire toghcháin agus do ghníomhaire áitiúil an iarrthóra.

(2) Féadfaidh na daoine seo a leanas ceapachán faoin alt seo a chúlghairm—

(a) [Arna aisghairm - a.50 den Acht Toghcháin 1997]

(b) más faoi fho-alt (1)(b) a rinneadh an ceapachán, an t-iarrthóir nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra, agus

(c) más faoi fho-alt (1)(c) a rinneadh an ceapachán, an t-iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra don toghlach lena mbaineann.

(3) I gcás go gcúlghairfear ceapachán gníomhaire faoin alt seo nó go bhfaighidh gníomhaire a cheapfar faoin alt seo bás nó go n-éireoidh sé as oifig nó go n-éireoidh sé éagumasach chun gníomhú le linn

toghcháin, féadfar gníomhaire eile a cheapadh faoin alt seo in ionad an ghníomhaire sin.

Arna chur isteach le A.50 den Acht Toghcháin 1997

(4) Déanfaidh an duine a cheapfaidh gníomhaire faoin alt seo, láithreach tar éis an cheapacháin, fógra i scríbhinn faoin gceapachán agus ainm agus seoladh an ghníomhaire a thabhairt don cheann comhairimh áitiúil don toghlach lena mbaineann.

Forálacha ginearálta i ndáil le gníomhairí.

34. (1) Féadfaidh iarrthóir i dtoghchán (dá ngairtear “iarrthóir” ina dhiaidh seo san alt seo) nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra gníomhairí a cheapadh chun bheith i láthair thar ceann an iarrthóra nuair a bheidh toradh an toghcháin á fhionnadh.

(2) Féadfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil don toghlach lena mbaineann gníomhairí a cheapadh chun a bheith i láthair thar ceann an iarrthóra—

(a) ar ócáid eisiúna na bpáipéar ballóide chuig postvótálaithe,

(b) ar ócáid oscailte na mboscaí postbhallóide, agus

(c) ar ócáid comhairthe na vótaí.

(3) Faoi réir fhorálacha fho-alt (4), déanfaidh na daoine seo a leanas líon na ngníomhairí is ceadmhach a cheapadh chun bheith i láthair thar ceann iarrthóra a shocrú—

(a) i gcás gníomhairí a cheapfar chun bheith i láthair nuair a bheidh toradh an toghcháin á fhionnadh, an ceann comhairimh toghcháin uachtaráin, agus

(b) i gcás aon ghníomhairí eile a cheapfar faoin alt seo, an ceann comhairimh áitiúil,

sa dóigh, áfach, go socrófar an líon céanna thar ceann gach iarrthóra.

(4) Féadfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra duine amháin a cheapadh (dá ngairtear “gníomhaire pearsanaíochta” san Acht seo) chun bheith i láthair mar ghníomhaire don iarrthóir i ngach stáisiún vótaíochta d’fhonn cabhrú chun pearsanaíocht a bhrath, agus is i scríbhinn a bheidh an ceapachán sin.

(5) Beidh ceapachán faoin alt seo inchúlghairthe ag an iarrthóir lena mbaineann nó ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra agus, i gcás go ndearnadh é faoi fho-alt (2) nó (4), beidh sé inchúlghairthe freisin ag gníomhaire áitiúil an iarrthóra don toghlach lena mbaineann.

(6) Déanfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, tráth nach déanaí ná an t-am chun tosú ar pháipéir bhallóide a eisiúint chuig postvótálaithe, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh áitiúil don toghlach lena mbaineann i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin nó ag an ngníomhaire áitiúil chun bheith i láthair le linn na heisiúna sin agus féadfaidh an ceann comhairimh áitiúil diúltú aon ghníomhaire nach mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a bhfuil na páipéir bhallóide le heisiúint.

(7) Déanfaidh iarrthóir, nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, tráth nach déanaí ná 2 lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh áitiúil don toghlach lena mbaineann i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire pearsanaíochta a bheidh

ceaptha ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin nó ag an ngníomhaire áitiúil, mar aon le hainm an stáisiúin vótaíochta dá mbeidh an gníomhaire pearsanaíochta ceaptha. Beidh gníomhaire pearsanaíochta a cheapfar de réir an ailt seo agus a mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl go cuí don cheann comhairimh áitiúil i dteideal a bheith i láthair sa stáisiún vótaíochta dá dtagraítear san fhógra le linn na tréimhse a thosóidh 30 nóiméad roimh an am a bheidh socraithe ag an Aire chun an vótaíocht a thosú agus a chríochnóidh nuair a bheidh na boscaí ballóide séalaithe ag an oifigeach ceannais de bhun alt 110 d'Acht 1992 (arna chur chun feidhme le halt 44), agus nuair a bheidh na doiciméid agus na hábhair a shonraítear san alt sin curtha i bpaicéid shéalaithe.

(8) Déanfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, tráth nach déanaí ná 2 lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh áitiúil don toghlach lena mbaineann i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin nó ag an ngníomhaire áitiúil chun bheith i láthair le linn oscailt na mboscaí postbhallóide agus féadfaidh an ceann comhairimh áitiúil diúltú aon ghníomhaire nach mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a mbeidh na boscaí postbhallóide le hoscailt.

(9) Déanfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, tráth nach déanaí ná 2 lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh áitiúil don toghlach lena mbaineann i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin nó ag an ngníomhaire áitiúil chun bheith i láthair le linn chomhaireamh na vótaí agus féadfaidh an ceann comhairimh áitiúil diúltú aon ghníomhaire

nach mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a mbeidh na vótaí le comhaireamh.

(10) Déanfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra, tráth nach déanaí ná 2 lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh toghcháin uachtaráin i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin chun bheith i láthair nuair a bheidh toradh an toghcháin á fhionnadh agus féadfaidh an ceann comhairimh toghcháin uachtaráin diúltú aon ghníomhaire nach mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a mbeidh an toradh le fionnadh.

(11) I gcás go gcúlghairfear ceapachán gníomhaire faoin alt seo nó go bhfaighidh gníomhaire a cheapfar faoin alt seo bás nó go n-éireoidh sé as oifig nó go n-éireoidh sé éagumasach chun gníomhú le linn toghcháin, féadfar gníomhaire eile a cheapadh faoin alt seo in ionad an ghníomhaire agus, i gcás go ndéanfar ceapachán den sórt sin, déanfaidh an duine a bheidh ag déanamh an cheapacháin fógra i scríbhinn i dtaobh ainm agus seoladh an ghníomhaire a bheidh á cheapadh a thabhairt láithreach—

(a) más faoi fho-alt (1) a dhéanfar an ceapachán, don cheann comhairimh toghcháin uachtaráin, agus

(b) más ar shlí eile faoin alt seo a dhéanfar an ceapachán, don cheann comhairimh áitiúil don toghlach lena mbaineann.

(12) Féadfaidh iarrthóir, go dleathach, aon ní a dhéanamh nó cabhrú le haon ní a dhéanamh a fhéadfaidh gníomhaire arna cheapadh faoin alt seo nó faoi alt 33 a dhéanamh go dleathach thar ceann an iarrthóra, agus féadfaidh sé a bheith i láthair (i dteannta nó in

ionad aon ghníomhaire den sórt sin) in aon áit a bhféadfaidh aon ghníomhaire den sórt sin a bheith i láthair de bhun an Achta seo.

(13) Aon ní a gceanglaítear leis an Acht seo é a dhéanamh i bhfianaise gníomhaire iarrthóra, ní bheidh sé ó bhail de bhíthin amháin nach bhfuil an gníomhaire i láthair san am agus san áit a bheidh ceaptha chun an ní sin a dhéanamh.